CINNEADH (AE) 2023/390 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meitheamh 2022

maidir leis na bearta SA.36086 (2021/C) (ex 2019/CC) (ex 2016/C) (ex 2016/NN) curtha chun feidhme ag an Rómáin i bhfabhar Oltchim SA

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 4458)

(Is é an leagan Rómáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1)(a) de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na bhforálacha atá luaite thuas ([1]) agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓSANNA IMEACHTA

(1) An 17 Iúil 2009, thug údaráis na Rómáine fógra don Choimisiún faoi fhiachas poiblí Oltchim SA ("Oltchim" nó "an chuideachta") a thiontú ina chothromas. An 7 Márta 2012, trí chinneadh i gcás SA.29041 — *Bearta tacaíochta i bhfabhar Oltchim SA Râmnicu Vâlcea* ([2]), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh státchabhair i gceist babhtáil fiachais RON 1 049 milliún (EUR 231 milliún) ar chothromas. Bhí an chonclúid sin bunaithe ar thiomantas daingean Rialtas na Rómáine Oltchim a phríobháidiú go hiomlán, lena n-áirítear an sciar iomlán a d'eascair do na húdaráis phoiblí tar éis an bhabhtáil fiachais.

(2) Tar éis na hiarrachta ar Oltchim a phríobháidiú, iarracht ar theip uirthi, chuir údaráis na Rómáine tús le teagmhálacha leis an gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2012 chun an fógra foirmiúil maidir le cabhair tarrthála d'Oltchim a ullmhú (cláraithe mar SA.35558).

(3) I mí na Samhna 2012, thuairiscigh an preas go raibh comhaontú curtha i gcrích ag údaráis na Rómáine le bainc chreidiúnaithe Oltchim chun maoiniú a dhéanamh ar tháirgeadh Oltchim a atosú. Ina fhianaise sin, chinn an Coimisiún cás *ex officio* a bhí cláraithe mar SA.36086 a oscailt agus i litir dar dáta an 18 Eanáir 2013 d'iarr sé ar an Rómáin faisnéis a sholáthar.

(4) Tar éis roinnt teagmhálacha le húdaráis na Rómáine, i litir dar dáta an 8 Aibreán 2016, chuir an Coimisiún in iúl don Rómáin gur chinn sé an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil dá bhforáiltear le hAirteagal 108(2) CFAE ("Cinneadh 2016") a thionscnamh i gcás SA.36086. Foilsíodh an cinneadh ón gCoimisiún tús a chur leis an nós imeachta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoi na bearta lena mbaineann.

(5) I litir an 29 Iúil 2016, mhol an Rómáin modhnú ar phróiseas díola Oltchim chun leanúnachas eacnamaíoch a chosc idir Oltchim agus ceannaitheoirí a shócmhainní. Tar éis dóibh faisnéis bhreise a sholáthar (an 14 Meán Fómhair 2016, an 4 Samhain 2016 agus an 5 Nollaig 2016), rinne údaráis na Rómáine téarmaí an phróisis díola tosaigh a mhodhnú.

([1]) IO C 284, 5.8.2016, lch. 7.
([2]) IO L 148, 1.6.2013, lch. 33.
([3]) IO C 284, 5.8.2016, lch. 7.

(6) Tar éis na malartuithe thuasluaite, sholáthair Oltchim, trína ionadaí dlíthiúil, tuarascálacha leantacha ar dhul chun cinn dhíolachán (mórchuid de) shócmhainní Oltchim an 27 Eanáir 2017, an 4 Aibreán 2017, an 25 Iúil 2017, an 15 Meán Fómhair 2017, an 21 Samhain 2017, an 18 Eanáir 2018 agus an 16 Iúil 2018 ([4]).

(7) Le linn an phróisis díolacháin, rinne roinnt tríú páirtithe idirghabháil agus chuir údaráis na Rómáine tuairimí ar fáil maidir le gach ceann de na hidirghabhálacha seo.

(8) Ar an 17 Nollaig 2018, le cinneadh i gcás SA.36086 – *Státchabhair arna cur chun feidhme ag an Rómáin le haghaidh Oltchim SA* ("Cinneadh 2018") ([5]), dhún an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil trína chinneadh gurbh ionann trí bheart tacaíochta poiblí i bhfabhar Oltchim agus státchabhair neamhdhleathach, neamh-chomhoiriúnach. Mar sin ordaíodh d'údaráis na Rómáine iad a aisghabháil, mar seo a leanas:

(a) Beart 1, ar mhéid ca. EUR 33 milliún, arb é atá ann neamh-fhorghníomhú agus carnadh breise fiach atá dlite do AAAS ([6]) ó Oltchim tar éis phríobháidiú Oltchim ar theip air, i Meán Fómhair 2012;

(b) Beart 2, arb é atá ann na soláthairtí leanúnacha neamhíoctha ó Stát na Rómáine agus ón ngnóthas CET Govora atá faoi úinéireacht an Stáit, (ach ní ón ngnóthas Salrom atá faoi úinéireacht an Stáit) chuig Oltchim, d'ainneoin staid airgeadais na cuideachta a bheith ag dul in olcas, sa mhéid a chinnfear in éineacht leis an Rómáin le linn na céime aisghabhála;

(c) Beart 3, arb é atá ann cealú fiacha de thart ar EUR 300 milliún ag AAAS agus ag gnóthais éagsúla atá faoi úinéireacht an Stáit.

(9) Le breithiúnas an 15 Nollaig 2021 ([7]), chuir an Chúirt Ghinearálta Cinneadh 2018 ar neamhní go páirteach: neamhnítear leis Airteagal 1 (a) agus (c) de Chinneadh 2018, mar aon le hAirteagail 3 agus 6 agus Airteagal 7(2) a mhéid a bhaineann siad leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(a) agus (c) den Chinneadh sin (Bearta 1 agus 3). Ar lámh amháin, go sonrach, sheas an Chúirt Ghinearálta le cinneadh Cinnidh 2018 nach raibh Beart 2 ag luí le Státchabhair. Ar an lámh eile, chuir an Chúirt Ghinearálta Cinneadh 2018 maidir le Bearta 1 agus 3 ar neamhní, ar na cúiseanna seo a leanas: (i) maidir le Beart 1, chinn an Chúirt Ghinearálta nár léirigh an Coimisiún an buntáiste eacnamaíoch i ndiaidh neamh-fhorfheidhmithe agus tuilleadh carntha na bhfiach atá i gceist; (ii) maidir le Beart 3, chinn an Chúirt Ghinearálta nár léirigh an Coimisiún, de réir an chaighdeáin dhlíthiúil riachtanaigh, go raibh acmhainní Stáit i gceist sna cealuithe fiachais faoi chaibidil, nó go raibh siad inleagtha ar an Stát. Ní dhearnadh achomharc ar an mbreithiúnas sin agus, dá bhrí sin, tá sé críochnaitheach.

(10) Ní bhaineann an Cinneadh seo ach leis na bearta in Airteagal 1(a) agus (c) de Chinneadh 2018 (dá ngairtear Bearta 1 agus 3 ann). Ós rud é gur sheas an Chúirt Ghinearálta le Cinneadh 2018 maidir le Beart 2, dá dtagraítear in Airteagal 1(b), leanfaidh an Coimisiún de dhéileáil le haisghabháil cabhrach a chomhfhreagraíonn do Bheart 2, in imeachtaí ar leithligh atá fós ar siúl faoi chás-uimhir SA.36086 (CR/2019).

2. CÚLRA AGUS TUAIRISC AR NA BEARTA ATÁ FAOI RÉIR IMSCRÚDAITHE

2.1. An tairbhí

(11) Bhí Oltchim ar cheann de na cuideachtaí peitriceimiceacha ba mhó sa Rómáin agus in Oirdheisceart na hEorpa. Bhí sciar rialaithe 54,8 % ag Stát na Rómáine sa chuideachta.

([4]) Tugadh seacht dtuarascáil d'Ard-Stiúrthóireacht Iomaíochta an Choimisiúin maidir le díolachán sócmhainní Oltchim, agus clúdaíodh tréimhse dhifriúil den phróiseas díolacháin mar seo a leanas i ngach ceann acu: an chéad tuarascáil (Iúil 2016 — 23 Eanáir 2017), an dara tuarascáil (23 Eanáir 2017 — 30 Márta 2017), an tríú tuarascáil (30 Márta 2017 — 21 Iúil 2017), an ceathrú tuarascáil (21 Iúil 2017 — 15 Meán Fómhair 2017), an cúigiú tuarascáil (16 Meán Fómhair 2017 —17 Samhain 2017), an séú tuarascáil (17 Samhain 2017 — 18 Eanáir 2018) agus an seachtú tuarascáil" (18 Eanáir 2018 — 16 Iúil 2018).

([5]) IO L 181, 5.7.2019, lch. 13.

([6]) Is é AAAS Gníomhaireacht Phríobháidithe na Rómáine.

([7]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Nollaig 2021, *Cementbouw Handel & Industrie v an Coimisiún,* T-565/19, EU:T:2021:, mír 77.

(12) Sóid loiscneach leachtach, polóil ocsaíde próipiléine, plaisteacháin agus ocsó-alcóil a tháirgeadh Oltchim den chuid is mó. Ba é Oltchim an táirgeoir sóide loiscní leachtaí is mó ar mhargadh na hEorpa (sciar 41 % de mhargadh an AE in 2015), an t-aon táirgeoir coirníní sóide loiscní i Lár na hEorpa, agus an t-aon táirgeoir clóiríd pholaivinile agus poiléitear sa Rómáin agus an tríú ceann is mó san Eoraip. D'onnmhairigh Oltchim breis is 74 % dá tháirgeacht, laistigh den Eoraip agus lasmuigh di araon.

(13) Ba é Oltchim an príomhfhostóir tionsclaíoch in Vâlcea (réigiún den Rómáin a fhaigheann cúnamh faoi Airteagal 107(3), pointe (a) CFAE).

2.2. **Fíorais**

(14) Mar a luadh cheana, le Cinneadh 2018, dhún an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a tionscnaíodh le Cinneadh 2016, agus tháinig sé ar an gconclúid gurbh ionann Bearta 1, 2 agus 3 i bhfabhar Oltchim agus Státchabhair neamhdhleathach, neamh-chomhoiriúnach, a bhí le haisghabháil ag údaráis na Rómáine.

(15) Le cinneadh breithiúnach dar dáta an 8 Bealtaine 2019, osclaíodh nós imeachta féimheachta maidir le Oltchim.

(16) Dheimhnigh tionól na gcreidiúnaithe an cuibhreannas de leachtaitheoirí ceaptha, ar cuibhreannas é a bhí comhdhéanta de RomInsolv SPRL & BDO Business Restructuring SPRL agus a ainmníodh an 8 Bealtaine 2019, le cinneadh cúirte an 26 Deireadh Fómhair 2020.

(17) Mar thoradh ar sheoladh an nós imeachta féimheachta agus ós rud é go bhfuil deireadh tagtha le gníomhaíocht tráchtála Oltchim (mar go raibh sócmhainní oibríochta Oltchim ar fad díolta cheana féin, féach aithris 31), agus gurb é príomhchúram na leachtaitheoirí sócmhainní atá fágtha Oltchim a dhíol (i.e. na cinn neamhoibríochtúla), mar ábhar dlí agus mar ábhar fíorais, tá Oltchim imithe as an margadh cheana féin.

(18) Cláraíodh na héilimh ar státchabhair (lena n-áirítear ús aisghabhála) go hiomlán i sceideal dliteanas Oltchim an 17 Samhain 2020, rud a fhágann go bhfuil Cinneadh 2018 á chur chun feidhme go sealadach ag an Rómáin.

(19) De réir an nuashonraithe is déanaí a chuir an Rómáin faoi bhráid an Choimisiúin an 18 Samhain 2021, tá an próiseas díolacháin ar siúl agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí go leachtófar sócmhainní Oltchim ina n-iomláine.

(20) Tá an próiseas díolacháin bunaithe ar phrionsabail na trédhearcachta agus an iomaíochais, agus is trí cheant poiblí a dhéantar an modh díola i gcás punanna sócmhainní nó sócmhainní aonair, i gcomhréir le hAirteagal 116 et seq. de Dhlí Uimh. 85/2006.

(21) Is é an rún atá ag údaráis na Rómáine, rún a cuireadh in iúl ina litir an 18 Samhain 2021, leanúint leis an bpróiseas go dtí go ndéanfar sócmhainní Oltchim a leachtú ina n-iomláine.

(22) Dúnfar an nós imeachta féimheachta nuair a bheidh próiseas díolacháin na sócmhainní atá fágtha curtha i gcrích agus scriosfar Oltchim ón gclár trádála.

(23) Maidir le Bearta 1 agus 3, leis an mbreithiúnas thuasluaite dar dáta an 15 Nollaig 2021 rinne an Chúirt Ghinearálta Cinneadh 2018 a neamhniú, toisc gur chinn sí nár léirigh an Coimisiún gur chomhlíon Bearta 1 agus 3 na coinníollacha uile a cheanglaítear le hAirteagal 107(1) CFAE chun beart a aicmiú mar Státchabhair. Mar thoradh air sin, tá an nós imeachta foirmiúil imscrúdaithe, a tionscnaíodh le Cinneadh 2016, fós ar siúl maidir le Bearta 1 agus 3. Dá bhrí sin, sa Chinneadh seo ní mór don Choimisiún seasamh a ghlacadh maidir le bearta 1 agus 3, agus ar an gcaoi sin an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil maidir leis an dá bheart sin a dhúnadh.

3. **FÉIMHEACHT AN TAIRBHÍ AGUS EASPA LEANÚNACHAIS EACNAMAÍOCH**

(24) Meabhraíonn an Coimisiún gur ceapadh an córas grinnscrúdaithe *ex ante* a dhéanann an Coimisiún ar bhearta cabhrach nua dá bhforáiltear in Airteagal 108(3) CFAE chun go seachnófaí deonú cabhrach nach bhfuil comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ([8]). A mhéid a bhaineann sé le cabhair neamh-chomhoiriúnach a aisghabháil, tá an Chúirt tar éis a chinneadh go comhsheasmhach gurb é is aidhm do chumhacht an Choimisiúin a iarraidh ar na Ballstáit cabhair a aisghabháil a mheasann an Coimisiún a bheith neamh-chomhoiriúnach leis an

([8]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 3 Márta 2020, *Vodafone Magyarország*, C-75/18, ECLI:AE:C:2020:139, mír 19.

margadh inmheánach ná an saobhadh iomaíochta ar bhain an tairbhí tairbhe as de dheasca buntáiste iomaíoch a bhaint, ionas go n-athbhunófar dá réir an staid a bhí ann sular íocadh an chabhair sin ([9]). Mura bhfuil cuideachta in ann an chabhair a aisíoc, ceanglaítear ar an mBallstát lena mbaineann, de bharr na haisghabhála ([10]), leachtú na cuideachta a chur faoi deara, i.e. scor a gníomhaíochtaí agus díol a sócmhainní faoi dhálaí an mhargaidh.

(25) I bhfocail eile, is é príomhsprioc an chórais rialaithe Státchabhrach deonú cabhrach neamh-chomhoiriúnaí a chosc. Mar thoradh air sin, má shaobhtar iomaíocht sa mhargadh inmheánach de dheasca eisíocaíocht cabhrach Stáit neamhdhleathaí agus neamh-chomhréirí, ní mór a áirithiú go n-athbhunaítear an staid a bhí ann sular tharla an saobhadh iomaíochta sin, trí leachtú an tairbhí, más gá.

(26) Tugann an Coimisiún dá aire go mbaineann Bearta 1, 2 agus 3 a thuairiscítear in aithris (8) le Oltchim, cuideachta atá i bhféimheacht anois agus a bhfuil deireadh iomlán curtha lena gníomhaíocht eacnamaíoch, gan leanúnachas eacnamaíoch ar bith go dtí dáta Chinneadh 2018 ar a laghad ([11]).

(27) Faoi dhlí na Rómáine ([12]), díoltar sócmhainní cuideachta a luaithe a a dhearbhaítear go bhfuil sí féimheach, agus aistrítear fáltais an díolacháin chuig a creidiúnaithe de réir rangú a n-éileamh i sceideal na ndliteanas. Ina fhianaise sin, ní mór don Choimisiún a shuí i dtosach an bhfuil aon fheidhm fós le leanúint leis an imscrúdú i leith Oltchim fós. Mura bhfuil, is gá don Choimisiún a shuí an bhféadfadh leanúnachas eacnamaíoch a bheith ann idir Oltchim agus aon chuideachtaí eile, bunaithe ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais.

(28) Tugann an Coimisiún dá aire ar dtús, an 26 Deireadh Fómhair 2020, gur dheimhnigh údaráis na Rómáine an leachtaitheoir ceaptha d'Oltchim. Faoi dhlí na Rómáine, ligeadh an chuideachta isteach i nós imeachta féimheachta, a comhaontaíodh leis na creidiúnaithe, chun sócmhainní na cuideachta a dhíol agus a gnó a fhoirceannadh, le scor iomlán a gníomhaíochtaí. Déanann breitheamh maoirseacht ar an nós imeachta seo. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go dtugann an nós imeachta a roghnaíodh le tuiscint cheana féin, ag deireadh na tréimhse sin, nach mbeadh Oltchim ann a thuilleadh.

(29) Tugann an Coimisiún dá aire, ó cuireadh tús leis an nós imeachta féimheachta, gur scoir Oltchim dá gníomhaíochtaí eacnamaíocha go léir (féach aithris (17)).

(30) Ina theannta sin, maidir le Beart 2, chuir an Rómáin Cinneadh 2018 i bhfeidhm go sealadach i gceart, tríd an éileamh ar chúnamh Stáit agus an t-ús aisghabhála comhfhreagrach a chlárú go cuí, i sceideal dliteanais na cuideachta.

(31) Bunaithe ar an méid thuas, tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil aon ghníomhaíocht eacnamaíoch déanta ag Oltchim ón 8 Bealtaine 2019, go raibh a shócmhainní oibríochtúla go léir — ar a raibh tromlach na sócmhainní foriomlána (thart ar 60 % ó thaobh luacha de) — díolta cheana féin roimh thús na n-imeachtaí féimheachta, go raibh an chuid eile de na sócmhainní (sócmhainní neamhoibríochtúla) á gcur amach lena ndíol, go raibh a fhoireann ligthe chun bealaigh, agus go scriosfar í sa deireadh ón gclár trádála nuair a bheidh an nós imeachta féimheachta tugtha chun críche. Tháinig deireadh le haon saobhadh a d'fhéadfadh a bheith ann ar an iomaíocht nó le haon éifeacht ar thrádáil trí Bhearta 1 agus 3 dá dtagraítear in aithris (8) nuair a chuir Oltchim deireadh lena chuid gníomhaíochtaí.

(32) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire gur baineadh amach cheana an dá chuspóir dá dtagraítear thuas maidir le rialú Státchabhrach agus aisghabháil, i.e. deonú Státchabhrach neamh-chomhlíontaí a chosc agus a áirithiú go n-athbhunófar an staid a bhí ann sular tharla an saobhadh iomaíochta de thoradh na Státchabhrach a bhí neamh-chomhlíontach leis an margadh inmheánach. Ní oibreoir eacnamaíoch atá gníomhach ar an margadh é Oltchim a thuilleadh, tá sé faoi nós imeachta féimheachta cheana féin, agus níorbh fhéidir éilimh Státchabhrach a shásamh ach go páirteach, de dheasca cistí neamh-leordhóthanacha, i ndiaidh dhíolachán na sócmhainní a bhí fágtha ag Oltchim. Dá bhrí sin, níl cuspóir ar bith le leanúint leis an imscrúdú maidir le Bearta 1 agus 3 i bhfabhar Oltchim.

([9]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 11 Nollaig 2012, *An Coimisiún v An Spáinn ("Magefesa II")*, ECLI:C-610/10, AE:C:2012:781, mír 105.

([10]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Eanáir 2018, *An Coimisiún v An Ghréig ("United Textiles")*, ECLI:C-363/16, AE:C:2018:12, mír 36.

([11]) Aithrisí 316-351 de Chinneadh 2018.

([12]) Dlí Féimheachta Uimh. 85/2006.

(33) Maidir leis an gceist a bhaineann le leanúnachas eacnamaíoch féideartha idir Oltchim agus a chomharbaí, de réir an chásdlí, féadfar na tosca seo a leanas a chur san áireamh: raon feidhme an aistrithe (sócmhainní agus dliteanais, leanúnachas an lucht saothair, sócmhainní cuachta), praghas an aistrithe, aitheantas úinéirí an ghnóthais fála agus an ghnóthais bhunaidh, tráth a rinneadh an t-aistriú (tar éis thús an imscrúdaithe, tionscnamh an nós imeachta nó an cinneadh críochnaitheach) agus loighic eacnamaíoch an idirbhirt ([13]).

(34) Ina Chinneadh in 2018 (aithrisí 316 et seq.), rinne an Coimisiún anailís ar gach ceann de na cúig chritéar agus bhain sé de thátal as, in aithrisí 350 agus 351, nach raibh aon leanúnachas eacnamaíoch ann idir Oltchim agus Chimcomplex nó DSG, i.e. dá cheannaitheoir thromlach na bpunann sócmhainní a bhí ag Oltchim tráth an Chinnidh 2018. Bhí an cinneadh seo bunaithe ar na cúinsí go raibh sé beartaithe na sócmhainní a dhíol ar a bpraghas margaidh, nach raibh aon nasc eacnamaíoch nó corparáideach ag na cuideachtaí le Oltchim agus bhí gach ceann de na húinéirí nua chun na sócmhainní a úsáid faoi choinníollacha difriúla agus de réir samhlacha gnó difriúla ná mar a bhí ag Oltchim.

(35) Mar an gcéanna, mheas an Coimisiún nach raibh mórán seans ann go mbeadh leanúnachas eacnamaíoch ann idir Oltchim agus aon cheannaitheoir/cheannaitheoirí féideartha na sócmhainní a bhí fágtha agus a bhíothas díol trí thairiscint nua mar a thuairiscítear i dtíolacadh na Rómáine an 20 Aibreán 2018, ós rud é nach raibh na sócmhainní sin ag feidhmiú, agus is léir nach gcuimseodh raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bheadh ar siúl ag an gceannaitheoir/na ceannaitheoirí féideartha gnó Oltchim agus gur dhócha go mbeadh raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bheadh déanamh agus na sócmhainní sin á n-úsáid difriúil le raon feidhme Oltchim.

(36) Ó glacadh le Cinneadh 2018, níor shroich aon fhaisnéis an Coimisiún a d'fhéadfadh é a spreagadh chun a dhearcadh ar neamhleanúnachas eacnamaíoch a athrú. Ba í an fhaisnéis is déanaí a fuarthas ná clárú na n-éileamh ar chúnamh Stáit i sceideal na ndliteanas i mí na Samhna 2020, agus an nuashonrú is déanaí ar an bhféimheacht a sheol an Rómáin i litir an 18 Samhain 2021. Fiosróidh an Coimisiún féimheacht Oltchim fós lena chinntiú go gcuirfear an t-éileamh a bhaineann le Beart 2 i bhfeidhm i gceart agus go leachtófar an chuideachta go cinntitheach.

(37) Sa chomhthéacs sin, i bhfianaise leachtú Oltchim nárbh fhéidir a sheachaint, gan aon dealramh maidir le leanúnachas eacnamaíoch, ní bheidh aon chuspóir a thuilleadh ag an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil maidir leis na bearta atá fós le deonú (Bearta 1 agus 3) i bhfabhar Oltchim, arna dtionscnamh faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 108(2) CFAE.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an nós imeachta a tionscnaíodh an 8 Aibreán 2016 faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i gcás SA.36086 i ndáil le Oltchim, déantar é a fhoirceannadh maidir le Bearta 1 agus 3 dá dtagraítear i gCinneadh 2018.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig an Rómáin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Comhalta den Choimisiún

([13]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 24 Meán Fómhair 2019, *CPEM* v *an Coimisiún*, T-121/15, ECLI:EU:T:2019:684, mír 208.